Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2022
(OR. en)

15267/22

LIMITE

CYBER 395
COPEN 429
JAI 1612
DROIPEN 161
ENFOPOL 618
TELECOM 510
EJUSTICE 94
MI 899
DATAPROTECT 344
CODEC 1904

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0108(COD)**
**2018/0107(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Táirgthe agus Caomhnaithe Eorpacha le haghaidh fianaise leictreonach in ábhair choiriúla<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

**Cúlra**

Thíolaic an Coimisiún in 2018 pacáiste reachtach ina bhfuil Togra le haghaidh Rialachán maidir le hOrduithe Táirgthe agus Caomhnaithe Eorpacha le haghaidh fianaise leictreonach in ábhair choiriúla agus an Togra le haghaidh Treoir lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla. Tar éis don Chomhairle cur chuige ginearálta agus an tuarascáil ón bParlaimint a glacadh, cuireadh tús leis na cruinnithe tríthaobhacha i mí Feabhra 2021. Ón tús, bhí dúshlán ag baint leis an gcaibidlíocht ós rud é go raibh tuairimí éagsúla ag na comhreachtóirí maidir le roinnt mhaith príomheilimintí de na téacsanna.

Go háirithe, bhí deacracht an-mhór ann maidir le cathain agus faoi cé acu coinníollacha a chaithfí fógra a thabhairt don údarás i stát an tsoláthraí seirbhísí i ndáil le hOrdú Eorpach chun Fianaise Leictreonach a Thabhairt ar Aird dírithe ar sholáthraí seirbhísí i stát eile. Dá bhrí sin, bhí dul chun cinn measartha mall á dhéanamh leis an gcomhad le linn na chéad bhliana den chaibidlíocht.

Cuireadh dlús leis an gcaibidlíocht ó earrach na bliana ar aghaidh. Tionóladh trí chruinniú thríthaobhacha pholaitiúla in atmaisféar maith comhair i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2022 agus ba chosúil go mbeifí in ann teacht ar chomhaontú i ndáil le comhréiteach domhanda maidir leis an bpacáiste reachtach ag deireadh shainordú Uachtaránacht na Fraince. Mar sin féin, tháinig difríochtaí chun cinn fós sna seasaimh i ndáil le roinnt ábhair thábhachtacha agus dá bhrí sin ní rabhthas in ann teacht ar chomhaontú maidir le comhréiteach domhanda.

**Dul chun cinn faoi Uachtaránacht na Seicia**

Lean Uachtaránacht na Seicia den obair dhian ar bhonn an mhéid a bhí bainte amach ag Uachtaránacht na Fraince. Bhí roinnt saincheisteanna oscailte a bhí an-dúshlánach a réiteach. Bhí gá le roinnt míonna de phlé teicniúil idir na hinstitiúidí chun na saincheisteanna sin a shoiléiriú, ar saincheisteanna iad a ndearnadh Meitheal COPEN, Comhairleoirí CGB nó Coreper a chur ar an eolas ina dtaobh agus a ndeachthas i gcomhairle leo ina dtaobh go tráthrialta.

Le linn na gcéimeanna deireanacha sa chaibidlíocht, bhí an plé ba dheacra dírithe ar thrí ghné.

Bhain na deacrachtaí ba mhó sa chaibidlíocht le mionsonraí an chórais chun fógra a thabhairt faoi orduithe do na húdaráis sa stát ina bhfuil an seolaí (ionadaí dlíthiúil nó bunaíocht ainmnithe an tsoláthraí seirbhíse) lonnaithe. Go háirithe, bhí sé dúshlánach réiteach a fháil ar shaincheist an chritéir cónaithe, mar a thugtar air, lena n-áiritheofaí nach mbeadh gá le fógraí i gcásanna ina mbeadh cónaí ar an duine lena mbaineann sa stát eisiúna. Ar an gcaoi sin, rinne an Chomhairle a seacht ndícheall chun a áirithiú nár ghá cásanna a bhain go hiomlán agus go príomha le ceisteanna náisiúnta a chur trí phróiseas fógartha lena mbaineann obair dhian uaireanta.



PUBLIC

Tarraingíodh anuas saincheisteanna an-tábhachtach maidir leis na rialacha sa Rialachán faoi cé acu ar cheart nó nár cheart na hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhíriú ar an soláthraí seirbhísí atá ag gníomhú mar rialaitheoir sonraí seachas ar an soláthraí seirbhíse a phróiseálann na sonraí thar ceann an rialaitheora sonraí, saincheisteanna a raibh sé deacair ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú ina leith. D'áitigh an Chomhairle go leanúnach go bhféadfadh cásanna a dhéanfadh dochar don imscrúdú a bheith mar thoradh ar riail ródhian nó róshimplíoch.

Tarraingíodh anuas roinnt saincheisteanna freisin faoi fhoclaíocht agus cineál na rialacha maidir leis na forais le diúltú. Go bunúsach, d'áitigh an Chomhairle nach mór do na húdaráis bhreithiúnacha saoirse áirithe a bheith acu chun cinneadh a dhéanamh.

An 29 Samhain 2022, bhí an 8ú cruinniú tríthaobhach ar siúl ar dócha gurbh é an ceann deireanach é. Bhí an t-atmaisféar cuiditheach le linn an chruinnithe thríthaobhaigh agus léirigh an dá chomhreachtóir solúbthacht, ach malartaíodh tuairimí láidre maidir leis na saincheisteanna ba chonspóidí, agus a seasaimh á gcosaint go láidir ag an dá pháirtí.

Mar chonclúid ghinearálta ar an gcruinniú tríthaobhach, thángthas ar chomhaontú sealadach maidir leis na codanna substainteacha den Rialachán agus den Treoir a bhí fós gan réiteach. Chuir an Uachtaránacht in iúl don Pharlaimint go bhfuil an comhaontú sealadach fós faoi réir na sonraí teicniúla atá á dtabhairt chun críche ar an leibhéal teicniúil. Cuirfear bailchríoch ar an leibhéal teicniúil ar an gcuid eile de na mionphointí atá fágtha sa dá théacs.

Is é measúnú ginearálta na hUachtaránachta go mbeidh an comhaontú comhréitigh sealadach inghlactha ag an gComhairle. Fiú mura bhfuil gnéithe áirithe foirfe ó thaobh dhearcadh na Comhairle de, níl aon amhras ach gurbh é an comhaontú sealadach an toradh ab fhearr a d'fhéadfadh an Chomhairle a bhaint amach.

**Na chéad chéimeanna eile**

Tar éis teacht ar chomhaontú sealadach leis an bParlaimint, rinne an Uachtaránacht, i gcomhar leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún, dianiarrachtaí chun bailchríoch a chur ar na saincheisteanna teicniúla deireanacha atá fós gan réiteach sa Rialachán agus sa Treoir.

Tá sé d'aidhm ag an Uachtaránacht a áirithiú go gcuirfear an obair sin i gcrích a luaithe is féidir, ionas go bhféadfar an comhaontú polaitiúil iomlán a chur faoi bhráid na mBallstát lena fhormhuiniú. Ar choinníoll go bhfaighfear an formhuiniú sin, dhéanfaí an reachtaíocht nua a ghlacadh go foirmiúil am éigin i dtús 2023.



PUBLIC